



**Fodhlíthe Tránna**  
**Chomhairle Contae Chiarraí 2022**

**Kerry County Council**  
**Beach Bye-Laws 2022**

| Gaeilge  | English   |
|--|---|
| Fodhlíthe Tránna Chomhairle Contae Chiarraí 2022   | Kerry County Council Beach Bye-Laws 2022  |
| I bhfeidhmiú a cumhachtaí faoi Chuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus gach cumhacht eile chuige sin, déanann Comhairle Contae Chiarraí (dá ngairtear ‘an Chomhairle’ anseo feasta), leis seo, na Fodhlíthe seo a leanas   | The County Council of the County of Kerry (hereinafter called “the Council”) in exercise of its powers under Part 19 of the Local Government Act, 2001 and every other power in that behalf it enabling hereby makes the following Bye-Laws.  |
| 1. Teideal<br><br>Tabharfar Fodhlíthe Tránna Chomhairle Contae Chiarraí 2022 ar na Fodhlíthe seo.  | 1. Title<br><br>These Bye-Laws shall be known as the Kerry County Council Beach Bye-Laws 2022.  |
| 2. Feidhmiú<br><br>Beidh feidhm ag na Fodhlíthe seo maidir leis na tránna a shonraítear sna Sceidil agus sna Léarscáileanna a ghabhann leis na Fodhlíthe seo, seachas bóithre poiblí agus carrchlóis phoiblí ag na suíomhanna seo.   | 2. Application<br><br>These Bye-Laws shall apply to the beaches specified in the Schedules and Maps to these Bye-Laws, excluding public roadways and public car parks at these locations.   |
| 3. Tosach Feidhme<br><br>Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i bhfeidhm an 20 Meitheamh 2022.   | 3. Commencement<br><br>These Bye-Laws shall come into force on the 20 <sup>th</sup> June 2022.  |
| 4. Cúlghairtear Fodhlíthe Trá Chomhairle Contae Chiarraí, 2013, a rinneadh ar 21/06/2013, le héifeacht ón 20 Meitheamh 2022.   | 4. Kerry County Council Beach Bye-Laws, 2013, made on 21/06/2013, are revoked with effect from the 20 <sup>th</sup> June 2022.  |
| 5. Léiriú<br>Le linn na bhFodhlíthe seo, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhairt, tá leis na focail agus leis na habairtí a úsáidtear seo a leanas, an bhrí a shanntar leo, faoi seach, is é sin le rá:<br><br>(a) Ciallaíonn ‘Madra Cuidithe’ aon mhadra atá oilte go sonrach chun cuidiú a thabhairt do dhuine atá faoi mhíchumas é nó í.<br><br>(b) Ciallaíonn ‘Duine Údaraithe’ gach fostaí na Comhairle ná aon duine atá ainmnithe i scríbhinn ag an Chomhairle chun críocha na bhFodhlíthe seo.<br><br>(c) Ciallaíonn ‘Bearbaiciú’ gach gléas a úsáidtear chun cócaireacht a dhéanamh amuigh faoin aer.<br><br>(d) Ciallaíonn ‘Trá’ na cladaí agus gach imeall trá, bruach, aill, dumhach, agus gach cruach nádúrtha de ghaineamh agus/nó de chloch agus/nó de scaineagán atá ann chomh maith le gach limistéar atá tadhlach leo atá faoi rialú agus faoi bhainistíocht na Comhairle, mar aon leis na huiscí cladach suas go dtí 300 meadar i dtreo na farraige ón líne bhun láin. | 5. Interpretation<br>Throughout the Bye-Laws, unless the context otherwise requires, the following words and expressions have the meaning hereafter respectively assigned to them, that is to say:<br><br>(a) “Assistance Dog” means a dog that has been specifically trained to assist a person with a disability.<br><br>(b) “Authorised Person” means any employee of the Council or any person designated in writing by the Council for the purposes of these Bye-laws.<br><br>(c) “Barbeque” means a device which is used for cooking in the open air.<br><br>(d) “Beach” means the foreshore and every beach, bank, cliff, sand dune, every natural accumulation of sand and/or stones and/or shingle and every area contiguous thereto which is under the control and management of the Council, together with the foreshore waters for a distance of 300 metres seaward from the low water mark |

|  |  |
|--|--|
| <p>(e) Ciallaíonn ‘Trá Bhratach Ghorm’ gach trá, nó gach cuid den trá ina mbronntar stádas na Brataí Goirme orthu ón Fhoras chun Oideachas Timpeallachta (an FEE i mBéarla).</p> <p>(f) Ciallaíonn ‘Toiliú na Comhairle’ cead na Comhairle atá faighte i scríbhinn amháin.</p> <p>(g) Ciallaíonn ‘an Chomhairle’ Comhairle Contae Chiarraí.</p> <p>(h) Ciallaíonn ‘Cladach’ grinneall na farraige agus an bruach, síos ó líne barr láin de ghnáth-thaoide agus meántaoide de na farraigí agus de gach abhann taoide agus inbhear taoide agus de gach cainéal, cuas agus cuan na farraige nó na habhann nó an inbhir féin.</p> <p>(i) Ciallaíonn “Gléas Snámha Inséidte” aon ghléas, bréagán snámha inséidte san áireamh, ar féidir é a líonadh le haer agus é deartha lena úsáid in uisce éadomhain agus/nó in linn snámha agus gur féidir leis duine a iompar nó tacú le duine san uisce, ach nach bhfuil áis snámhachta mar chuid de a chloíonn leis an gcaighdeán sábháilteachta ceadaithe, cadhcanna inséidte agus cláir seaschéaslóireachta inséidte atá oiriúnach lena n-úsáid ar uisce cois cladaigh cois cósta.</p> <p>(j) Folaíonn ‘I Scríbhinn’ toiliú i bhfoirm ríomhphost ná aon mhodh cumarsáide leictreonach eile.</p> | <p>(e) “Blue-Flag Beach” means a beach, or section of beach, which has been awarded Blue-Flag status by the Foundation for Environmental Education (FEE).</p> <p>(f) “Consent of the Council” means the permission in writing of the Council.</p> <p>(g) “Council” means the Council of the County of Kerry.</p> <p>(h) “Foreshore” means the bed and shore, below the line of high water of ordinary or medium tides, of the sea and of every tidal river and tidal estuary and of every channel, creek, and bay of the sea or of any such river or estuary.</p> <p>(i) “Inflatable Water Device” means any device, including an inflatable water toy, which is capable of being inflated and intended for use in shallow water and/or a swimming pool and which is capable of carrying or supporting a person in water, but does not include any buoyancy aid compliant with an approved safety standard, inflatable kayaks and inflatable stand-up boards suitable for use in inshore coastal waters.</p> <p>(j) “In Writing” includes via email or other similar electronic means of written communication</p> |
| <p>(k) Folaíonn ‘Capall’ pónaithe, asail agus míúileanna.</p> <p>(l) Ciallaíonn ‘Clár Eitleoige’ cláir atá beartaithe le húsáid do shurfáil a dhéanamh le cuidiú eitleoige éigin ina dtugtar cuidiú don oibreoir na tonnta a sheoladh.</p> <p>(m) Ciallaíonn ‘Núis’ aon chur isteach míréasúnta ná clampar éigin ar dhuine i dtaobh a chearta nó a cearta.</p> <p>(n) Ciallaíonn ‘Feithicil Easbhóthair’ aon fheithicil inneallghluaiste nó rothar atá deartha, athchóirithe ná in úsáid le haghaidh taisteal easbhóthair amháin ná den chuid is mó den am agus folaítear bugaithe tránna, cuadrothair mheicniúla agus rothair streachailte.</p> <p>(o) Ciallaíonn ‘Thar Oíche’ na huaireanta idir 21.00 agus 09.00 ó Luan go Domhnach.</p> <p>(p) Tá le ‘Cead’ an bhrí chéanna atá le ‘Toiliú na Comhairle’ i gCuid (f) thuas agus mar a thuiriscítear i bhfodhlí 15.</p> <p>(q) Ciallaíonn ‘Clár Seoil’ aon chlár le seol nasctha leo ina dtugtar cuidiú don oibreoir na tonnta a sheoladh.</p>  | <p>(k) “Horse” includes pony, donkey and mule.</p> <p>(l) “Kite Board” means a board used for surfing with the assistance of a kite allowing the operator to sail along waves as well as down them.</p> <p>(m) “Nuisance” means unreasonable interference with or disturbance or annoyance to any person in the exercise of his/her rights.</p> <p>(n) “Off-Road Vehicle” means any mechanically propelled vehicle or pedal cycle designed, adapted or used exclusively or predominantly for off-road travel, including beach buggies, mechanical quad bikes and scramblers.</p> <p>(o) “Overnight” means between the hours of 21.00 and 09.00 Monday to Sunday inclusive</p> <p>(p) “Permit” has the same meaning as “Consent of the Council” at (f) above and as described in Bye-Law 15.</p> <p>(q) “Sail Board” means a board with a sail attached allowing the operator to sail along waves as well as down them.</p>   |

|  |  |
|--|--|
| <p>(r) Ciallaíonn ‘Séasúr an tSamhraidh’ an tréimhse sin ón chéad lá de mhí an Mheithimh go dtí an 15ú lá de mhí Mheán Fómhair gach bliain.</p> <p>(s) Ciallaíonn ‘Clár Surfála’ aon chlár a úsáidtear le fuinneamh tonnta mar mhodh tiomána.</p> <p>(t) Folaíonn ‘Snámh’ ar barr uisce, ag lapadaíl san uisce, ag iascaireacht san uisce agus a bheith san fharraige ar chúis fhóillíochta éigin.</p>   | <p>(r) “Summer Season” means the period from the 1st June to 15th September inclusive each year.</p> <p>(s) “Surf Board” means a board used to surf using wave energy as a means of propulsion.</p> <p>(t) “Swimming” includes floating, paddling, fishing or otherwise being in the sea for leisure purposes.</p>   |
| <p>6. Déanfaidh duine de réir na dtreoracha uile a n-eiseofar chuige/chuici ó dhuine údaráithe nó aon chomhalta den Gharda Síochána.</p>   | <p>6. A person shall comply with any and all directions given to him/her by an authorised person or member of an Garda Síochána.</p>   |
| <p>7. Gníomhartha Toirmisce</p> <p>Ní dhéanfaidh duine, ar cheann ar bith de na tránna seo a shonraítear i Sceideal a hAon de na Fodhlíthe seo, na nithe seo a leanas:</p> <p>(a) Bac, ná treampán a chur ar dhuine údaráithe nó comhalta den Gharda Síochána maidir le forálacha na bhFodhlíthe seo a chur chun feidhme acu;</p>  | <p>7. Prohibited Acts</p> <p>A person shall not at any of the beaches specified in Schedule One of these Bye-laws:</p> <p>(a) Obstruct, hinder or interfere with an authorised person or member of an Garda Síochána in implementing the provisions of these Bye-laws;</p>   |
| <p>(b) Aon treo ná ordú ón tSeirbhís Gharda Tarrthála Chomhairle Contae Chiarraí a chomhlíonadh go hiomlán;</p> <p>(c) Bacainn a chur nó bheith ina mbac d’aon seirbhísí garda tarrthála a fhéadfar a bheith beartaithe ag trá ar bith;</p> <p>(d) Nuis a dhéanamh d’aon turas nó iompar ar bith a fhéadfaidh a bheith ina nuis;</p> <p>(e) Nuis a dhéanamh nó baol a chur roimh aon duine ar cheann de na tránna trí chluiche ná spórt éigin a imirt sa dóigh is go dtarlófar nuis ná baol dóibh;</p> <p>(f) Tine a lasadh, lena n-áirítear bearbaiciú ar bith, ar aon chuid de na tránna ina bhfuil dumhach ar bith ann;</p> <p>(g) Rud a dhéanamh a fhéadfaidh damáiste a tharlú de dheasca tine;</p> | <p>(b) Fail to fully comply with any direction or instruction of the Kerry County Council Lifeguard Service.</p> <p>(c) Cause an obstruction to or interfere with any lifeguard services which may be provided at a beach.</p> <p>(d) Cause a nuisance or engage in behaviour or activity likely to cause a nuisance;</p> <p>(e) Cause a nuisance or danger to people on the beach by playing any game or sport in such a manner as to cause nuisance or danger;</p> <p>(f) Light a fire, including light a barbeque, on any part of the beach which comprises of sand dunes;</p> <p>(g) Do anything that may cause damage by fire</p> |
| <p>(h) Cuir isteach ná damáiste a dhéanamh ar bhaoi tarrthála, trealamh tarrthála, ionad garda tarrthála, leithreas poiblí, dumhach, ná fásra ar bith chomh maith le gach trealamh, struchtúr, saoráid, pláta eolais, clár fógraí, comhartha, crann</p>  | <p>(h) Interfere with, disturb or damage any life buoy, lifesaving equipment, lifeguard station, public convenience, sand dune, vegetation or any equipment, structure, facility, information plate, notice board, sign, flagpole, litter</p>  |

|   |  |
|---|--|
| <p>brataí, coimeádán bruscair ná aon rud eile ar bith arna sholáthar ag an Chomhairle ná duine údaraithe ná foras;</p>  | <p>receptacle, or anything provided there by the Council or any authorised person or body;</p>   |
| <p>(i) Gléas uisce inséidte, lena n-áirítear aon leaba inséidte ná bréagán uisce inséidte a úsáid ar an uisce oscailte;</p>   | <p>(i) Use an inflatable water device, including any inflatable lilo or inflatable water toy, on open water.</p>   |
| <p>(j) Aon fheithicil nó rothar (idir inneallghluaiste agus eile) a chur nó a fhágáil in áit d'aon turas nó de thaisme a thíocfaidh bac, gortú, baol ná cur isteach a dhéanamh ar dhuine ar bith nó a fhéadfaidh damáiste tarlú don trá nó do mhaoin ar bith de thoradh ar;</p>   | <p>(j) Wilfully or carelessly manage, place or leave any vehicle (mechanically propelled or otherwise) or any pedal cycle so as to cause obstruction, injury, danger, annoyance or inconvenience to any person or damage to the beach or to any property.</p>  |
| <p>(k) Gan chuid de na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh ach amháin i gcás go mbeidh toiliú na Comhairle nó toiliú aon fhoras eile atá údaraithe chun na gníomhaíochtaí seo a cheadú ag an duine:-</p>   | <p>(k) Save with the prior Consent of the Council or of any other statutory body authorised to permit such activities :-</p>   |
| <p>(i) Earra, tráchtearra, rud ná seirbhís ar bith (lena n-áirítear teagasc) a dhíol, a fháil ar cíos, a ofráil nó a thaispeáint lena dhíol chun sochar airgid ná eile a fháil,</p>   | <p>(i) Sell, hire, offer or expose for sale or hire any article, commodity, thing or service (including tuition) whatsoever for monetary reward or otherwise,</p>  |
| <p>(ii) Earra, tráchtearra, rud ná seirbhís ar bith (lena n-áirítear teagasc) a sholáthar nó a sheachadadh, fiú i gcás go dtiteann an t-idirbheart don díol nó ofráil an díola maidir leis an earra, tráchtearra, rud ná seirbhís amach ar shuíomh eile nach trá é trí mhodh cumarsáide leictreonach de réir bhrí an Achta um Thráchtáil Leictreonach, 2000 (chomh maith le cibé leasú ina dhiaidh, aisghairm ná athachtú an Achta) agus críochnófar an t-idirbheart sin den earra, tráchtearra, rud nó seirbhís ar an trá féin.</p>  | <p>(ii) Supply or deliver any article commodity, thing or service (including tuition), including circumstances where the transaction for the sale, hire or offer for sale or hire of such article, commodity, thing or service was initiated at a location other than the beach by means of electronic communication within the meaning of the Electronic Commerce Act 2000 (including any subsequent amendment, repeal and re-enactment or otherwise thereof) or otherwise, and such transaction is continued or completed on the beach through the supply or delivery there of the article, commodity, thing or service</p>  |
| <p>(l) Gníomhaíochtaí surfála nó spóirt uisce eile a dhíol, a sholáthar nó a ofráil lena dhíol nó sochar airgid eile ná teagasc ar thrá ar bith ná ar limistéar teorantach, gan cead bailí a fháil roimh ré ón Chomhairle agus go ndéantar an ghníomhaíocht de réir na gcoinníollacha a bheith sonraithe faoin chead sin agus i gcomhréir leis na caighdeáin atá leagtar amach ag an Chomhlachas Snámha agus Tarrhála in Éirinn, chomh maith leis an chreidiúnú/clárú riachtanach ón Chomhlachas Surfála na hÉireann agus/nó foras eile aitheanta ag an Chomhairle chun a leithead de chaighdeáin agus an creidiúnú/an clárú sin a eisiúint. Maidir leis an ní sin, beidh sé mar cheanglas go mbeidh gach eagraíocht fhreagrach as creidiúnú/clárú a thabhairt ina mball den Chomhlachas Surfála Idirnáisiúnta.</p> | <p>(l) Sell, supply or otherwise offer for sale or supply for monetary reward or otherwise tuition in surfing or other water-sports activities from a beach, or contiguous area, unless a valid permit has been obtained in advance from the Council and the activity is conducted in accordance with the conditions of such permit and in accordance with the standards specified by Water Safety Ireland, and the necessary accreditation/registration by the Irish Surfing Association and/or other body recognised by the Council to issue such standards and/or accreditation/registration. In this regard it shall be a requirement that any accrediting/registration organisation shall be a member of the International Surfing Association.</p> |
| <p>Beidh sé mar cheanglas fosta go mbeidh ar gach eagraíocht fhreagrach as creidiúnú/clárú a thabhairt bearta cosaint linbh agus gnásanna grinnfhiosrúcháin den Gharda Síochána iomchuí acu ina gcomhlíontar ceanglais reachtacha na hÉireann.</p>  | <p>It shall also be a requirement that the accrediting/registration organisation shall have appropriate child protection policies and Garda vetting practises in place which comply with Irish legislative requirements.</p>   |

|  |  |
|--|--|
| <p>8. Madraí a bheith faoi smacht</p> <p>(a) Seachas Trá Chuan na gCeall, idir na huaireanta 11 r.n. agus 7 i.n. gach lá le linn shéasúr an tsamhraidh ní ceadmhach madra a thabhairt go dtí aon chuid de thrá Brait Ghoirm, cé is moite d'aon chosán nó d'aon bhealach siúil sainithe laistigh den limistéar trá isteach ón gcósta.</p> <p>Roimh 11 r.n. agus tar éis 7 i.n. gach lá le linn shéasúr an tsamhraidh is ceadmhach madra a thabhairt ar thrá Brait Ghoirm ar an gcoinníoll go bhfuil sé ar iall an t-am ar fad.</p> <p>(b) Idir na huaireanta 12 um nóin agus 6 i.n. gach lá le linn shéasúr an tsamhraidh ní ceadmhach madra a thabhairt ar aon chuid den trá Brait Ghoirm ag Trá Chuan na gCeall, cé is moite d'aon chosán nó d'aon bhealach siúil sainithe laistigh den limistéar trá isteach ón gcósta.</p> <p>Roimh 12 um nóin agus tar éis 6 i.n. gach lá le linn shéasúr an tsamhraidh is ceadmhach madra a thabhairt ar thrá Brait Ghoirm ag Cuan na gCeall ar an gcoinníoll go bhfuil sé ar iall ar t-am ar fad.</p> <p>(Ní bhaineann an Fodhlí seo le madraí treorach, madraí cuidithe, madraí ar leis An nGarda Síochána iad agus faoi smacht ag comhalta den Gharda Síochána agus é/i i mbun a chuid/cuid dualgas nó madraí ar leis an tSeirbhís Custam agus Máil iad agus faoi smacht ag comhalta den tSeirbhís Custam agus Máil agus é/i i mbun a chuid/cuid dualgas).</p> | <p>8. Control of Dogs</p> <p>(a) With the exception of Kells Bay Beach, between the hours of 11am and 7pm each day during the summer season it shall be prohibited to bring a dog onto any part of a Blue-Flag beach, with the exception of any footpath or designated walkway within the inland beach area.</p> <p>Before 11am and after 7pm each day during the summer season a dog may be brought onto a Blue-Flag beach on condition that it is at all times on a leash.</p> <p>(b) Between the hours of 12 noon and 6pm each day during the summer season it shall be prohibited to bring a dog onto any part of the Blue-Flag beach at Kells Bay Beach, with the exception of any footpath or designated walkway within the inland beach area.</p> <p>Before 12 noon and after 6pm each day during the summer season a dog may be brought onto the Blue Flag beach at Kells Bay on condition that it is all times on a leash.</p> <p>(This Bye-law does not apply to guide dogs, assistance dogs, dogs kept by An Garda Síochána and under the control of a member of An Garda Síochána in the execution of his/her duties or dogs kept by the Customs and Excise Service and under the control of a member of the Customs and Excise Service in the execution of his/her duties).</p> |
| <p>9. Rialú Capall</p> <p>Idir 11.00 agus 19.00 le linn séasúr an tsamhraidh, ní thugtar cead capall ar bith a thabhairt chuig aon trá Bhratach Ghorm agus níl cead marcaíocht a dhéanamh, an capall a ní agus an capall a thiomáint mar aon leis.</p> <p>Cinnteoideh an duine nó na daoine i mbun capall éigin an méid seo a leanas le linn amanna ar bith eile ar thránna bhratacha gorma, agus le linn amanna ar bith eile ar gach trá eile:-</p>   | <p>9. Control of Horses</p> <p>Between the hours of 11am and 7pm during the summer season it shall be prohibited to bring onto or ride, wash, drive or lead any horse onto any part of a Blue-Flag Beach.</p> <p>At all other times for all Blue-Flag Beaches, and at all times for all other beaches, persons in charge of a horse shall ensure the following:-</p>   |
| <p>(i) Go mbíonn an capall faoi smacht an t-am ar fad;</p> <p>(ii) Nach mbíonn an capall ag cur isteach, ag cur i mbaol nó ag feidhmiú mar núis do dhuine ar bith atá ag úsáid an trá;</p> <p>(iii) Nach mbíonn cead ag an chapall a bheidh ar aon chuid den trá ina bhfuil dumhcha ann, seachas sa chás go mbíonn</p>   | <p>(i) It is at all times under control;</p> <p>(ii) It is not causing annoyance, danger or nuisance to any person using the beach;</p> <p>(iii) It is not allowed on any part of the beach which comprises of sand dunes, except with the permission in writing of the</p>  |

|  |  |
|--|--|
| <p>cead i scríbhinn ón Chomhairle nó aon fhoras reachtúil eile atá údaraithe a leithead den ghníomhaíocht sin a cheadú, agus ag brath ar théarmaí agus coinníollacha an cheada sin;</p> <p>(iv) Go mbainfear faecas an chapail ón trá.</p> <p>(Níl feidhm ar an Fhodhlí seo roimh aon chapall coimeádta ag an Gharda Síochána agus é in úsáid ag fostaí ná comhalta den Gharda Síochána agus iad ar dhualgas agus roimh chapail agus pónaithe a thabhairt chuig an trá de réir ceada nó de réir deonú eile ón Chomhairle nó aon fhoras reachtúil eile atá údaraithe a leithéid den ghníomhaíocht sin a cheadú).</p>  | <p>Council or any other statutory body authorised to permit such activity, and subject to the terms and conditions of such permission;</p> <p>(iv) Its faeces is removed from the beach.</p> <p>(This Bye-law does not apply to horses kept by An Garda Síochána and wholly used by an employee or member of An Garda Síochána while on duty or to horses or ponies brought onto any beach in accordance with a permit or other approval granted by the Council or any other statutory body authorised to permit such activity).</p>   |
| <p>10. Carbháin, Campáil srl.</p> <p>Ní chuirfidh aon duine a gcuid carbhán, mótarcarbhán, puball, áitreabh sealadach, gluaisteán nó aon fheithicil inneallghluaiste eile ar cheann ar bith de na tránna a liostaítear i Sceideal a Dó de na Fodhlíthe seo gan toiliú na Comhairle a fháil agus sin faoi réir na dtéarmaí agus coinníollacha an cheada i gceist.</p>   | <p>10. Caravans, Camping etc.</p> <p>No person shall place or keep any caravan, motor caravan, tent or other temporary dwelling or any motor car or other mechanically propelled vehicle overnight on any part of the beaches listed in Schedule Two of these Bye-laws without the consent of the Council and subject to the terms and conditions of such permission.</p>  |
| <p>11. Feithiclí</p> <p>Ní dhéanfaidh aon duine gluaisteán nó feithicil inneallghluaiste ar bith a thiomáint, a chur ag gluaiseacht, a bhrú, a pháirceáil nó a fhágáil ar cheann ar bith de na tránna a liostaítear i Sceideal a Trí de na Fodhlíthe seo (ach amháin i limistéar ainmnithe i scríbhinn ag an Chomhairle nó ag foras reachtúil eile chun cibé críocha) seachas iad siúd le toiliú na Comhairle nó aon fhoras reachtúil eile atá údaraithe a leithead de na gníomhaíochtaí seo a cheadú, agus sin faoi réir na dtéarmaí agus coinníollacha an cheada i gceist.</p> <p>Ní shrianfaidh an fhoráil seo aon úinéir ná áititheoir réadmhaoine a bheas ag síneadh na dtránna maidir le cibé cearta rochtain seanbhunaithe a bhí aige nó aici agus é nó í ag feidhmiú na cumhachta sin agus ní shrianfar Gníomhaireacht Stáit ar bith de agus iad ag feidhmiú a gcumhachtaí reachtúla sin.</p> <p>(Níl feidhm ar an Fhodhlí seo roimh fheithicil faoi rialú cheann ar bith de na forais seo, agus an fheithicil sin ag feidhmiú i gcúrsa dualgais: an Chomhairle, an Garda Síochána, an tSeirbhís Otharchairr Náisiúnta, na Fórsaí Cosanta, an tSeirbhís Chabhlaigh, na Coimisinéirí Ioncaim, an Chosaint Shíbhialta, Iascach Intíre Éireann, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, Garda Cóstá na hÉireann, Coimisinéirí Soilse na hÉireann, an Foras Ríoga Náisiúnta Bád Tarrthála nó aon Seirbhís Tarrthála Intíre Pobail ná aon fheithicil bona fide a úsáidfear d'fhorfheidhmiú an dlí, d'éigeandálaí nó do mhišín tarrthálacha.)</p> | <p>11. Vehicles</p> <p>No person shall drive, propel, push, park or leave any motor car or other mechanically propelled vehicle on the beaches listed in Schedule Three of these Bye-laws (other than in an area designated in writing by the Council or other statutory body for such purposes) save with the consent of the Council or any other statutory body authorised to permit such activities and subject to the terms and conditions of such permission.</p> <p>This provision shall not restrict the exercise by owners or occupiers of properties abutting the beach of long established rights of access thereon and shall not restrict the exercise by any Agency of the State of its statutory powers.</p> <p>(This bye-law shall not apply to vehicles operated in the course of duty of the Council, an Garda Síochána, the National Ambulance Service, the Defence Forces, the Naval Service, the Revenue Commissioners, Civil Defence, Inland Fisheries Ireland, Sea Fisheries Protection Authority, the Irish Coast Guard, the Commissioners of Irish Lights, the Royal National Lifeboat Institute, Community Inshore Rescue Services or any vehicles involved in bona fide law enforcement, emergency or rescue missions.)</p> |

|   |   |
|---|---|
| <p>12. Feithiclí Easbhóthair</p> <p>Ní dhéanfaidh aon duine feithicil easbhóthair a thiomáint, a chur ag gluaiseacht, a bhrú, a pháirceáil nó a fhágáil ar cheann ar bith de na trána a liostaítear i Sceideal a Ceathair seachas i gcás go dtugtar ceadú i scríbhinn ón Chomhairle dóibh nó ceadú ó aon fhoras reachtúil eile atá údaraithe a leithead de ghníomhaíochtaí sin a cheadú faoi réir na dtéarmaí agus coinníollacha an cheada i gceist.</p>  | <p>12. Off-Road Vehicles</p> <p>No person shall drive, propel, push, park or leave any off-road vehicle on the beaches listed in Schedule Four save with the permission in writing of the Council, or any other statutory body authorised to permit such activity, and subject to the terms and conditions of such permission.</p>  |
| <p>Ní shrianfaidh an foráil seo aon uinéir ná áititheoir réadmhaoine a bheas ag síneadh na dtránna maidir le cibé cearta rochtain seanbhunaithe a bhí aige nó aici agus é nó í ag feidhmiú na cumhachta sin agus ní shrianfar Gníomhaireacht Stáit ar bith de agus iad ag feidhmiú a gcumhachtaí reachtúla sin.</p> <p>(Níl feidhm ar an Fhodhlí seo roimh fheithicil faoi rialú cheann ar bith de na forais seo, agus an fheithicil sin ag feidhmiú i gcúrsa dualgais: an Chomhairle, an Garda Síochána, an tSeirbhís Otharchair Náisiúnta, na Fórsaí Cosanta, an tSeirbhís Chabhlaigh, na Coimisinéirí Ioncaim, an Chosaint Shíbhialta, Iascach Intíre Éireann, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, Garda Cósta na hÉireann, Coimisinéirí Soilse na hÉireann, an Foras Ríoga Náisiúnta Bád Tarrthála nó aon Seirbhís Tarrthála Intíre Pobail ná aon fheithicil bona fide a úsáidfear d'fhorfheidhmiú an dlí, d'éigeandálaí nó do mhisin tarrthálacha.)</p> | <p>This provision shall not restrict the exercise by owners or occupiers of properties abutting the beach of long established rights of access thereon and shall not restrict the exercise by any Agency of the State of its statutory powers.</p> <p>(This bye-law shall not apply to vehicles operated in the course of duty of the Council, an Garda Síochána, the National Ambulance Service, the Defence Forces, the Naval Service, the Revenue Commissioners, Civil Defence, Inland Fisheries Ireland, Sea Fisheries Protection Authority, the Irish Coast Guard, the Commissioners of Irish Lights, the Royal National Lifeboat Institute, Community Inshore Rescue Services or any vehicles involved in bona fide law enforcement, emergency or rescue missions.)</p> |
| <p>13. Cláir Surfála, Cláir Eiteoige, Cláir Sheoil, Canúnna, Cadhcanna, Báid Dingí, Báid Lapadaíola Seasta, Rothair Uisce</p> <p>Ní úsáidfídh aon duine cláir seoil chun bheith ag gaothshurfáil, cláir eiteoige chun bheith ag surfáil eiteoige nó cláir surfála chun bheith ag surfáil agus an duine sin i gcóngar snámhóirí ar bith.</p> <p>Féadfaidh an Chomhairle, ar a rogha féin, limistéir trána a ainmniú agus ceann ar bith de chláir surfála agus/nó cláir eiteoige agus/nó cláir sheoil agus nó canúnna agus/nó cadhcanna agus/nó báid dingí agus/nó báid lapadaíola seasta agus/nó rothair uisce a shrianadh agus a thoirmeasc sna limistéir sin.</p>  | <p>13. Surf Boards, Kite Boards, Sail Boards, Canoes, Kayaks, Dinghies, Stand-up Paddle Boards, Water Bikes</p> <p>No person shall wind surf on sail boards or kite-surf on kite boards or surf on a surf board or use a canoe, kayak, dinghy, stand-up paddle board or water bike in close proximity to bathers.</p> <p>The Council may at its discretion designate areas of any beach in and at which the use of surf boards and/or kite boards and/or sail boards and/or canoes and kayaks and/or dinghies and/or stand-up paddle boards and/or water bikes is restricted or prohibited.</p>   |
| <p>14. Cead a Dhiúltú</p> <p>Féadfaidh an Chomhairle, ar a rogha féin, cead a dhiúltú le haghaidh aon chríche de na críocha a luaitear sna fodhlíthe seo nach dtabharfaidh ceadanna amach sna cásanna seo a leanas: ag féachaint do chineál na ngníomhaíochtaí i gceist nó</p>  | <p>14. Refusal of Permission</p> <p>The Council may, at its sole discretion, refuse to grant permission for any of the purposes mentioned in these Bye-laws if, having regard to the nature of the activity in question, the standards of the goods or services being provided, the</p>   |



|   |  |
|---|--|
